



# STAID AN AONTAIS

## 2018

### UAIN NA CEANNASACHTA EORPAÍ

Jean-Claude Juncker,  
Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh  
12 Meán Fómhair 2018

[Is í an óráid mar a tugadh í agus í sin amháin  
atá barántúil]

---

## RÉAMHRÁ: FREAGRACHT BHUAN

A Uachtaráin,

A Chomhaltaí Onóracha Pharlaimint na hEorpa,

Braitear uaireanta go mbíonn an stair ag bogadh ar aghaidh go mall cúramach ach, go tobann, imíonn sí tharainn i bhfaiteadh na súl.

Sin mar atá sé i gcás an Choimisiúin seo, nach bhfuil aige ach téarma oifige cúig bliana chun difríocht a dhéanamh.

Níl sa Choimisiún seo ach caibidil amháin, nó tréimhse ghearr, i stair fhada an Aontais Eorpaigh.

Ach níl an t-am tagtha fós le breithiúnas a thabhairt ar an gCoimisiún seo a bhfuil sé d'onóir agamsa a bheith i m'uachtarán air.

Dá bhrí sin, níl fúm inniu achoimre a thabhairt ar ar baineadh amach le ceithre bliana anuas.

Ina áit sin, deirim libh go leanfaidh ár n-iarrachtaí ar aghaidh gan stad, gan staonadh sa bhliain atá romhainn. Leanfaimid orainn gach lá ag iarraidh foirfeacht a bhaint amach san Aontas neamhfhoirfe seo.

Tá mórán fós gan déanamh agus is ar an obair sin a theastaíonn uaim labhairt libh ar maidin.

Ní bheidh mé ag maíomh ná ag déanamh gaisce as an méid atá bainte amach. Umhlaíocht agus obair chrua: sin an dearcadh atá ag an gCoimisiún agus a leanfaidh sé de bheith aige. Sin atá ar chlár oibre na míonna atá romhainn.

Tarlaíonn sé, uaireanta, i saol na náisiún go bhfilléann an stair orainn, gan choinne, agus gur deacair í a ligean chun siúil.

Sin a tharla do náisiúin na hEorpa in 1914 nuair a tháinig an Cogadh Mór aniar aduaidh ar mhór-roinn a raibh an tsíocháin, an sonas agus an dóchas i réim inti roimhe sin.

In 1913, cheap muintir na hEorpa gur saol síochánta a bhí rompu. Ach bliain ghairid ina dhiaidh sin, bhris cogadh brúidiúil amach ar fud na mór-roinne, deartháir in éadan dearthár.

Nílím ag labhairt ar an tréimhse sin toisc go mbraithim go bhfuil tubaiste eile ar na bacáin.

Táim ag labhairt uirthi toisc gurb í an Eoraip caomhnóir na síochána.

Ba cheart dúinn a bheith buíoch go bhfuilimid ag cur fúinn ar mhór-roinn shíochánta, a bhuí sin leis an Aontas Eorpach.

Léirímis, mar sin, níos mó measa ar an Aontas Eorpach. Ná cuirimis smál ar a chlú ach seasaimis le chéile ar son ár modh maireachtála.

Ba cheart an cineál tírghrá atá á chur chun cinn againn a úsáid chun leasa daoine, agus ní chun a n-aimhleasa. Ba cheart dúinn diúltú don chineál sin náisiúnachais a bhfuil áibhéil ann agus ar fuath agus léirscios a thagann as. An cineál náisiúnachais a chuireann an locht ar dhaoine eile seachas réitigh a lorg chun gur féidir linn maireachtáil le chéile.

Freagracht bhuan agus dualgas síoraí orainn é beart a dhéanamh de réir bhriathar na hEorpa: ná raibh cogadh ann go deo arís. Ní mór dúinn a bheith airdeallach i gcónaí.

## STAID AN AONTAIS SEO AGAINN IN 2018

### NA HIARRACHTAÍ AR ÉIRIGH LEO

A Chomhaltaí Onóracha Pharlaimint na hEorpa,

Cad é Staid an Aontais inniu, in 2018?

Tá deich mbliana imithe tharainn ó chlis ar Lehman Brothers agus tá an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais a tháinig ón taobh amuigh ach a chuaigh i bhfeidhm go mór orainn curtha di den chuid is mó ag an Eoraip.

Le 21 ráithe i ndiaidh a chéile tá fás tagtha ar gheilleagar na hEorpa.

Tá poist nua cruthaithe – beagnach 12 mhilliún post nua ó 2014 i leith. 12 mhilliún – sin níos mó post ná mar atá daoine sa Bheilg.

### **Tá níos mó fir agus mná – 239 milliún duine – fostaithe san Eoraip faoi láthair ná mar a bhí riamh.**

Tá an leibhéal dífhostaíochta i measc daoine óga ag 14.8%. Tá an figiúr sin ró-ard go fóill ach tá sé níos ísle ná mar a bhí am ar bith eile ó bhí an bhliain 2000 ann.

Tá infheistíochtaí á ndéanamh arís a bhuí, go háirithe, leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha a dtugann roinnt daoine (ach níos lú agus níos lú daoine le himeacht ama) "Ciste Juncker" go fóill air. Tá luach 335 bhilliún euro d'infheistíocht déanta as an gCiste sin, idir infheistíocht phríobháideach agus phoiblí. Táimid ag druidim i dtreo an 400 billiún.

Agus cad faoin nGréig? Tar éis roinnt blianta crua a chur isteach, blianta a bhfacthas deacrachtaí sóisialta gan choinne lena linn – ach freisin dlúthpháirtíocht ar scála nach bhfacthas roimhe – d'éirigh leis an nGréig a clár a chur i gcrích agus tá sí ag seasamh as a stuaim féin anois. **Molaim go hard muintir na Gréige agus an obair fathaigh atá déanta acu**, obair a ndéanann Eorpaigh eile beag is fiú di go fóill.

Sheas mé féin leis an nGréig i gcónaí; dínit na tíre sin, a ról san Eoraip agus a ról sa limistéar euro. Táim bródúil as an méid sin.

Is cumhacht trádála arís í an Eoraip anois freisin. Cruthúnas é an seasamh trádála domhanda atá againn gur gá an cheannasacht a roinnt eadrainn. Tá comhaontuithe trádála curtha i gcrích ag an Aontas le 70 tír ar fud an domhain, comhaontuithe dar luach 40% d'olltáirgeacht intíre an domhain. A bhuí leis na comhaontuithe sin – a gcuirtear ina n-éadan go minic ach go héagórach – is féidir linn na caighdeáin arda atá ag an Eoraip i dtaca le sábháilteacht bia, cearta oibrithe, an comhshaol agus cearta tomhaltóirí a chur i bhfeidhm taobh amuigh de theorainneacha na hEorpa.

Fad agus a bhí mé i mBéising, i dTóiceo agus in Washington in aon seachtain amháin i mí Iúil seo caite, le linn tréimhse ina raibh go leor teannais ar fud an domhain, bhí deis agam labhairt, i mo cháil mar Uachtarán ar an gCoimisiún Eorpach, thar ceann an mhargaidh aonair is mó ar domhan. Thar ceann Aontas ar aon chúigiú de gheilleagar an domhain luach a gheilleagair féin. Thar ceann Aontas atá toilteanach an fód a sheasamh ar son a luachanna agus a leasanna.

Chuir mé in iúl gur mór-roinn oscailte í an Eoraip ach nach bhfuil sí soineanta.

Is i ngeall ar a láidre atá an Eoraip agus í aontaithe, i bprionsabal agus i gcleachtas, a bhí mé in ann torthaí follasacha a bhaint amach dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí.

### **Aontaithe san Aontas, is deacair an Eoraip a threascairt.**

---

Le linn dom a bheith in Washington, labhair mé thar ceann na hEorpa. Is cosúil gur bhain an comhaontú a rinne mé leis an Uachtarán Trump siar as roinnt daoine. Ach níor cheart go mbainfeadh sé siar as aon duine gur féidir leis an Eoraip labhairt d'aon ghuth.

Nuair is gá, ní mór don Eoraip gníomhú le chéile.

## FREAGRACHT DHOMANDA

Léiríomar freagracht dhomhanda nuair a leanamar de bheith ag cosaint Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide. Rinneamar sin mar teastaíonn uainn, muintir na hEorpa, **pláinéad níos folláine a fhágáil inár ndiaidh don chéad ghlúin eile**. Táim ag teacht leis an méid a dúirt an Coimisinéir um Fhuinneamh maidir leis na spriocanna atá againn astaíochtaí CO2 a laghdú faoi 2030. Tá an t-eolas sin cruinn ó thaobh na heolaíochta de agus riachtanach ó thaobh na polaitíochta de.

Meabhraíonn triomaigh an tsamhraidh dúinn ar fad – ní hamháin na feirmeoirí – a thábhachtaí agus atá an obair sin chun an todhchaí a chinntiú do na chéad ghlúine eile san Eoraip. Ní féidir linn neamhaird a thabhairt ar an dúshlán atá os ár gcomhair amach. Ní mór dúinn – an Coimisiún agus an Pharlaimint – breathnú romhainn.

A Chomhaltaí Onóracha Parlaimint na hEorpa,

Tá an saol ag leanúint ar aghaidh. Ach tá sé níos corraithe ná mar a bhí riamh. Ag méadú in aghaidh an lae atá na dúshláin atá roimh an mór-roinn seo againne.

**Ní bheidh aon fhaoiseamh ann, dá bhrí sin, ó thaobh na n-iarrachtaí atá le déanamh chun Eoraip atá níos aontaithe a chruthú.**

Is féidir linn cuidiú a thabhairt an chobhsaíocht sin a chur i bhfeidhm lasmuigh den Aontas, mar a rinneamar aon uair a tháinig méadú ar an Aontas. B'éacht an méid sin féin dar liom, mar d'éirigh linn stair agus tíreolaíocht na hEorpa a thabhairt le chéile.

Ach tá mórán fós gan déanamh. **Ní mór dúinn a bheith ar aon focal, faoi dheireadh, i dtaca le cás na mBalcán Thiar**. Mura ndéanfaimid amhlaidh, is fórsaí eile a mhúnlóidh todhchaí na dtíortha sa chomharsanacht timpeall orainn.

Breathnaímis thart. Ba cheart an méid atá ag titim amach in Idlib sa tSiria faoi láthair a bheith ina ábhar mór imní dúinn ar fad. **Ní féidir linn fanacht inár dtost agus an tubaiste dhaonnúil seo ar na bacáin, tubaiste nach féidir a sheachaint anois, is cosúil.**

Léiríonn an choimhlint sa tSiria an chaoi a bhfuil an t-ord idirnáisiúnta a rinne leas mhuintir na hEorpa ón Dara Cogadh Domhanda i leith á chur i mbaol arís agus arís eile.

Sa lá atá inniu ann, ní féidir leis an Eoraip a bheith cinnte go bhfuiltear in ann brath go fóill ar ghealltanais a tugadh san am atá thart.

An lá amárach, d'fhéadfadh cuma nua a bheith ar chomhghuaillíochtaí an lae inné.

## UAIN NA CEANNASACHTA EORPAÍ

A Dhaoine Uaisle,

### **Eoraip láidir aontaithe a dhéanfaidh leas an domhain.**

Eoraip a ghníomhaíonn ar son na síochána, comhaontuithe trádála agus caidreamh airgeadra cobhsaí, fiú agus claonadh i dtíortha áirithe cogaí trádála agus airgeadra a chothú. Nílím i bhfabhar an aontaobhachais leithleasaigh a thugann neamhaird ar ionchais daoine agus a chuireann ó dhóchas iad. **Seasfaidh mé i gcónaí ar son an iltaobhachais.**

Má éiríonn leis an Eoraip neart polaitiúil, neart eacnamaíoch agus neart míleata na náisiún a thabhairt le chéile, féadfar an ról domhanda atá aici a threisiú. **Beimid inár ndeontóir domhanda i gcónaí ach is mithid dúinn bheith inár ngníomhaí domhanda freisin.**

Is é sin an fáth gur chuir mé chun cinn arís an tionscnamh maidir le hEoraip na Cosanta in 2014 - cé gur cuireadh go mór ina aghaidh ag an am. **Agus is é sin an fáth go leanfaidh mé orm ag obair de lá is d'óiche as seo go ceann roinnt míonna go dtí go mbeidh an Ciste Eorpach Cosanta agus an Buanstruchtúr Comhair Cosanta lánfheidhmiúil.**

Ba mhaith liom pointe tábhachtach amháin a shoiléiriú: ní dhéanfaimid aontas míleata den Aontas Eorpach. Is é ba mhaith linn ná a bheith níos féinrialaithe agus déanamh de réir ár bhfreagrachtaí ar an leibhéal domhanda.

Eoraip láidir aontaithe, agus é sin amháin, a fhéadfaidh ár saoránaigh a chosaint ar bhagairtí seachtracha – an sceimhlitheoireacht agus an t-athrú aeráide i measc nithe eile.

Eoraip láidir aontaithe, agus é sin amháin, a fhéadfaidh poist a chosaint sa saol oscailte idirnasctha atá romhainn.

Eoraip láidir aontaithe, agus é sin amháin, a fhéadfaidh dúshlán an digitithe dhomhanda a shárú.

Is féidir linne, de bhrí go bhfuil an margadh aonair is mó ar domhan againn, caighdeán a leagan síos maidir le mórshonraí, maidir leis an intleacht shaorga agus leis an uathobriú ach gan luachanna, cearta agus féiniúlacht mhuintir na hEorpa a ghéilleadh. Is trí sheasamh le chéile, agus ar an dóigh sin amháin, a bheimid in ann sin a chur i gcrích.

**Eoraip láidir aontaithe, is é sin a fhágfaidh go mbeidh na Ballstáit in ann barrfheabhsú.** Is é clár Galileo seo againne a choinníonn an Eoraip sa spásrás. Ní fhéadfadh aon Bhallstát aonair 26 shatailít a chur ar fithis, ar mhaithe le 400 milliún úsáideoir ar fud an domhain. Ní fhéadfadh aon Bhallstát an méid sin a dhéanamh as a stuaim féin. A bhúi leis an Eoraip agus a bhúi léi sin amháin, nach mór, tá rath ar chlár Galileo. Murach an Eoraip, níorbh ann do chlár Galileo. Ba cheart dúinn a bheith bródúil as.

A Uachtaráin,

**Agus an staid gheopholaitiúil mar atá, is í seo uain na hEorpa: is í seo uain na ceannasachta Eorpaí.** Is mithid don Eoraip an stiúir a ghlacadh ar a cinniúint féin. Is mithid don Eoraip forbairt a dhéanamh ar an **“Weltpolitikfähigkeit”** mar a thugaim féin air – an acmhainneacht ról a imirt mar Aontas i múnú imeachtaí domhanda. Ní mór don Eoraip a bheith ina gníomhaí ceannasach i réimse na gcaidreamh idirnáisiúnta.

Ní hé go gcuirfear an cheannasacht Eorpach in áit cheannasacht na mBallstát ach is é rud é gurb as an gceannasacht náisiúnta a thagann sí. An cheannasacht a chomhroinnt – nuair is gá agus áit a bhfuil gá – is ar an gcaoi sin a neartaíonn na náisiúntaí.

---

## **Is é an seanfhocal “Ar scáth a chéile a mhairimid” an bhunbhrí atá le bheith páirteach san Aontas Eorpach.**

Ba chóir nach rachadh ceannasacht na hEorpa chun aimhleasa daoine eile choíche. Is mór-roinn thuisceanach oscailte í an Eoraip. Agus is amhlaidh a bheidh sí.

Ní dún ná daingean a bheidh san Eoraip agus ní thabharfaidh sí a cúl leis an domhan, ná leis na daoine sin atá ag fulaingt ar an domhan seo. Ní oileán í an Eoraip. Ní mór di seasamh ar son an iltaobhachais agus déanfaidh sí amhlaidh. Is linn go léir, agus ní le mionlach ar leith, an domhan seo ina mairimid.

Is é sin a bheidh idir chamáin nuair a rachaidh muintir na hEorpa chuig na botháin vótála i mí Bealtaine na bliana seo chugainn. Bainfimid an leas is fearr is féidir as na 250 lá atá romhainn roimh na toghcháin Eorpacha lena chruthú do na saoránaigh gur féidir leis an Aontas, agus muid ag gníomhú le chéile, an méid a bhfuil súil leis agus an méid a gheallamar ag tús ár dtéarma oifige a chur i gcrích.

Faoin am a bheidh na toghcháin ann, **beidh orainn a léiriú go bhfuil an Eoraip in ann teacht ar chomhréiteach idir Thuaidh agus Theas, Thoir agus Thiar, clé agus deas.** Eoraip roinnte, sin Eoraip in aimhréidh.

**Ní mór dúinn a léiriú gur féidir linn Eoraip cheannasach dhiongbháilte a chothú trí bheith ag obair i gcomhar le chéile.**

## **ÁR nGEALLTANAS A CHOMHLÍONADH**

A Chomhaltaí Onóracha Pharlaimint na hEorpa,

Togthóirí na hEorpa a bheidh ag caitheamh vóta i mí na Bealtaine 2019, is beag aird a thabharfaidh siad air gur chuir an Coimisiún togra i láthair chun iallach a chur ar ollchomhlachtaí idirlín cáin a íoc san áit a ndéanann siad brabús. Ní theastaíonn uathu ach a fheiceáil go bhfuil an rud ag tarlú i ndáiríre. Agus tá an ceart acu.

Togthóirí na hEorpa a bheidh ag caitheamh vóta i mí na Bealtaine 2019, is beag aird a thabharfaidh siad air go bhfuil dea-rún ag an gCoimisiún cur crua ar úsáid plaisteach aonuaire le go gcosnófar ár n-aigéin ar bhruscar muirí. Ní theastaíonn uathu ach a fheiceáil go bhfuil dlí Eorpach i bhfeidhm a chuireann cosc ar ábhar plaisteach agus is é sin atá molta ag an gCoimisiún.

Deirimid uile in óráidí maíteacha gur mian linn a bheith mór sna gnóthaí móra agus beag sna gnóthaí beaga. Ach is beag moladh a fhaighimid nuair a leagtar síos i ndlí na hEorpa nach mór do gach Eorpach na cloig a athrú faoi dhó sa bhliain. Is é atá á mholadh ag an gCoimisiún inniu an dlí sin a athrú. **Caithfear an t-athrú ama** a stopadh. Is iad na Ballstáit féin ba cheart a chinneadh an in am samhraidh nó in am geimhridh a mhaireann a gcuid saoránach. Is ceist í a bhaineann le prionsabal na coimhdeachta. Tá súil agam go mbeidh an Pharlaimint agus an Chomhairle ar aon intinn liom. Tá an uair buailte linn.

Sin an fáth a n-iarraim inniu ar chách oibriú go dlúth i gcomhar le chéile sna míonna beaga amach romhainn le go bhféadfaimid an méid atá geallta againn a chur i gcrích le chéile roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa.

Ag tús an téarma oifige seo, gheallamar le chéile Margadh Aonair Digiteach níos nuálaí, Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta níos doimhne, Aontas Baincéireachta, Aontas Margáí Caipitil, Margadh Aonair níos cothroime, Aontas Fuinnimh maille le Beartas Réamhbhreathnaitheach um an Athrú Aeráide, Clár Oibre cuimsitheach maidir le hImirce, agus Aontas Slándála a chur i gcrích. Agus chinneamar – nó chinn an chuid is mó againn – nár cheart caitheamh go suarach a thuilleadh le gné shóisialta na hEorpa ach í a chur in oiriúint don todhchaí.

Tá na tograí agus na tionscnaimh uile a fógraíodh in 2014 curtha i láthair ag an gCoimisiún anois. Tá a leath díobh glactha cheana féin ag an bParlaimint agus ag an gComhairle, tá an-dul chun cinn déanta i leith 20% eile díobh agus tá 30% eile faoi chaibidil go fóill, faoi chaibidlíocht dhian i gcásanna áirithe.

A Dhaoine Uaisle,

Níl aon ghlacadh agam leis gur ar an gCoimisiún amháin a bhíonn an locht gach uair a tharlaíonn teip, agus admhaím gur theip orainn níos mó ná uair amháin. Is léir do chách na tograí atá ullmhaithe againn. Ní gá anois ach iad a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Seasfaidh mé an fód i gcónaí i gcoinne gach iarracht an milleán a chur ar an gCoimisiún amháin. Tá ceapa milleáin le fáil i ngach ceann de na trí institiúid ach is lú a líon sa Choimisiún agus sa Pharlaimint.

Ceannaireacht a theastaíonn anois. Sin mar atá go háirithe i gcás **an tAontas Slándála a chur i gcrích**. Glacann muintir na hEorpa leis, le ceart, go gcoinneoidh an tAontas sábháilte iad. Seo an fáth a bhfuil sé á mholadh ag an gCoimisiún inniu **rialacha nua a thabhairt isteach le go bhféadfar ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint den idirlíon laistigh d'achar uair an chloig** – an t-ionú contúirteach ina ndéantar an damáiste is mó. Tá sé á mholadh againn freisin **cur le cúraimí Oifig nuabhunaithe an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh le go gcuirfead faoina cúram an troid i gcoinne na sceimhlitheoireachta**. Is gá dúinn a bheith in ann an dlí a chur ar sceimhlitheoirí ar shlí níos comhordaithe, ar fud an Aontais. Ní aon bhac ar sceimhlitheoirí na teorainneacha. **Ní ceart dúinn ligean le cás ina mbeimis inár gcomhchoirithe i ngan fhios dúinn féin toisc nach raibh sé ar ár gcumas oibriú le chéile.**

Ar an dul céanna, tá bearta á moladh againn inniu a chabhróidh linn an sciúradh airgid a chomhrac níos éifeachtaí thar teorainneacha.

Ní mór dúinn ár **dtohgháin oscailte agus chothroma** a chosaint. Sin an fáth a bhfuil sé á mholadh ag an gCoimisiún inniu rialacha nua a thabhairt isteach chun ár bpróisis dhaonlathacha a chosaint ar mhí-ionramháil ag tríú tíortha nó ag leasanna príobháideacha.

Tá géarghá le ceannaireacht agus le meon an chomhréitigh, ar ndóigh, a fhad a bhaineann sé leis **an imirce**. Tá níos mó dul chun cinn déanta againn ná mar a thugtar le fios go minic. Tá comhaontú ann faoi chúig thogra as na seacht dtogra ón gCoimisiún maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. Bhí dea-thoradh ar ár gcuid iarrachtaí an imirce a bhainistiú: tháinig laghdú mór ar an líon daoine a tháinig chun na hEorpa – laghdú 97% sa Mheánmhuir Thoir agus laghdú 80% sa Mheánmhuir Láir. Chabhraigh oibríochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh os cionn 690,000 duine a tharrtháil ar muir ó bhí 2015 ann.

Níl an chothromaíocht cheart aimsithe fós ag na Ballstáit, áfach, idir an fhreagracht is gá do gach aon tír a ghlacadh ina críoch féin agus an dlúthpháirtíocht nach mór a thaispeáint má tá uainn limistéar Schengen gan teorainneacha a bheith againn arís. Táim, agus beidh mé i gcónaí, glan i gcoinne teorainneacha inmheánacha. **Sna háiteanna sin ina bhfuil na teorainneacha curtha ar ais, ní mór iad a bhaint arís. Aon loiceadh air sin, ní bheadh i gceist leis ach céim siar d'Eoraip na glúine seo agus d'Eoraip na chéad ghlúine eile. Ní ceart glacadh lena leithéid.**

Tá comhréitigh éagsúla curtha i láthair ag an gCoimisiún agus ag roinnt uachtaránachtaí a bhí ar an gComhairle. **Iarraim ar uachtaránacht na Comhairle beart cinntitheach a dhéanamh anois chun réiteach inbhuanaithe a idirghabháil le gur féidir ceist na himirce a athchóiriú go cothrom.**

**Ní féidir linn coinneáil de bheith ag argóint chun teacht ar réiteach ad hoc gach uair a thagann long nua i dtír. Ní leor an dlúthpháirtíocht neamhbhuan. Dlúthpháirtíocht bhuan a theastaíonn anois, choíche agus go deo.**

---

Ach ní ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht féin a theastaíonn an dlúthpháirtíocht, ach ar mhaithe leis an éifeachtúlacht. Tá sin fíor i gcás an **tsásra um chosaint shibhialta**. Nuair a bhíonn tinte ag dó agus ag loscadh i dtír amháin san Eoraip, bíonn an Eoraip ar fad trí thine. Na híomhánna is cumhachtaí a bhí ann an samhradh seo, níorbh iad na híomhánna de na tinte móra dearga iad ach de mhuintir na Sualainne ag fearadh fáilte roimh chomhraiceoirí dóiteáin as an bPolainn a tháinig i gcabhair orthu – sin an chuid is fearr den Eoraip.

Fillim ar cheist na himirce: tá togra á chur i láthair inniu ag an gCoimisiún, togra maidir leis an n**Garda Teorann agus Cósta Eorpach a neartú tuilleadh** chun teorainneacha an Aontais a chosaint níos fearr le 10,000 garda teorann Eorpach breise faoi 2020.

Tá togra eile á chur i láthair againn maidir leis an n**Gníomhaireacht Eorpach Tearmainn a fhorbairt tuilleadh** lena chinntiú go bhfaighidh na Ballstáit níos mó tacaíochta ón Eoraip chun iarrthóirí tearmainn a phróiseáil i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive.

Agus tá togra á chur i láthair againn maidir leis an n**próiseas a bhrostú chun imircigh neamhrialta a chur ar ais**. Tá an Coimisiún tiomanta cabhrú leis na Ballstáit sin a dhéanamh.

Is mian liom, freisin, a athmheabhrú do na Ballstáit nach mór **bealaí dleathacha** chuig an Aontas a oscailt. Dírim m'achainí orthu athuair. Tá imircigh oilte a dhíth orainn. Tá tograí a thugann aghaidh ar an ábhar sin curtha i láthair le tamall fada ag an gCoimisiún agus ní mór díriú orthu anois.

A Uachtaráin,

Nuair a labhraítear faoin todhchaí, ní mór labhairt faoin **Afraic** – an chomh-ilchríoch atá ag an Eoraip.

Is í an Afraic an todhchaí: faoi 2050, beidh 2.5 billiún duine ina gcónaí ar an ilchríoch sin. Afracach a bheidh i nduine amháin as gach ceathrar ar domhan.

Ní mór dúinn tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa chaidreamh atá againn leis na náisiúin ar ilchríoch mhór uasal sin na hAfraice. Agus is gá dúinn éirí as bheith ag breathnú ar an gcaidreamh sin i dtéarmaí na cabhrach forbraíochta amháin. Tá cur chuige den chineál sin thar a bheith easnamhach, agus méalach leis.

**Ní carthanas atá a dhíth ar an Afraic, ach comhpháirtíocht chothrom cheart. Agus tá an chomhpháirtíocht sin a dhíth orainne san Eoraip chomh mór céanna.**

Agus an óráid seo á hullmhú agam, labhair mé leis na cairde atá agam as an Afraic, go háirithe Paul Kagame, Cathaoirleach an Aontais Afracaigh. D'aontaíomar gur rud é an caidreamh idir deontóir agus faighteoir a bhfuil a lá thart. D'aontaíomar gur **gealltanais chómhalartacha an bealach chun tosaigh**. Teastaíonn uainn comhpháirtíocht nua a chothú leis an Afraic.

Inniu, táimid ag moladh **Comhghuaillíocht nua um Infheistíocht Inbhuanaithe agus Poist idir an Afraic agus an Eoraip**. Ba cheart go gcuideodh an Chomhghuaillíocht sin – mar a shamhlaímidne é – suas le 10 milliún post a chruthú san Afraic sna chéad chúig bliana amach romhainn amháin.

Teastaíonn uainn creat a leagan síos a mheallfaidh tuilleadh infheistíocht phríobháideach chuig an Afraic. Nílím ag tosú ón tús ar fad: faoin bPlean Infheistíochta Seachtraí atá againn, a seoladh dhá bhliain ó shin, spreagfar infheistíocht de bhreis agus €44 bhiliún sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Faoi na tionscadail atá ar na bacáin cheana féin, agus fúthu sin amháin, cuirfear ar fáil €24 bhiliún.

Teastaíonn uainn ár n-infheistíocht a dhéanamh sna háiteanna is mó a bhfuil tábhacht léi. Faoi 2020, beidh tacaíocht tugtha ag an Aontas do 35,000 mac léinn agus taighdeoir Afracach faoin gclár Erasmus. Faoi 2027, ba cheart go mbeadh tacaíocht tugtha do 105,000 duine faoin gclár céanna.



Ní beag an trádáil a dhéantar idir an Afraic agus an Eoraip. Is leis an Aontas a dhéantar 36% de thrádáil na hAfraice. Mar chomparáid leis sin, déantar 16% leis an tSín agus 6% leis na Stáit Aontaithe. Ach ní leor sin.

**Creidim gur cheart dúinn comhaontú saorthrádála idir an dá ilchríoch a dhéanamh den iliomad comhaontuithe trádála atá ann cheana idir an tAontas agus an Afraic, agus sin a chur i gcrích mar chomhpháirtíocht eacnamaíoch idir comhpháirtithe atá ar comhchéim.**

A Uachtaráin,

A Dhaoine Uaisle,

Ceist eile a bhfuil géarghá le ceannaireacht ón Aontas ina leith is ea **Brexit**. Ní phléifidh mé mionsonraí na caibidlíochta atá faoi stiúir chumasach mo charad Michel Barnier. Crann taca a chuid oibre is ea an seasamh d'aon ghuth atá ag na 27 mBallstát ar an gceist, seasamh atá dearbhaithe acu arís agus arís eile. Mar sin féin, meabhróidh mé daoibh athuair, mura miste libh, na trí phrionsabal ba cheart a bheith mar threoir againn agus muid ag obair ar Brexit sna míonna amach romhainn.

Ar an gcéad dul síos, glacaimid leis an gcinneadh atá déanta ag an Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas seo againn, cé gur trua linn go mór é i gcónaí. Ach iarraimid freisin ar rialtas na Breataine a thuiscint nach féidir le tír a fhágann an tAontas leas a bhaint as na pribhléidí céanna atá ag na Ballstáit. Má fhágann tír an tAontas, ní bheidh sí, ar ndóigh, ina cuid den Mhargadh Aonair a thuilleadh, agus is cinnte nach mbeidh sí páirteach díreach sna codanna sin de ar mian léi a bheith páirteach iontu.

Ar an dara dul síos, **léireoidh an Coimisiún Eorpach, an Pharlaimint seo agus gach ceann de na 26 Bhallstát eile dílseacht d'Éirinn i gcónaí agus seasfaimid gualainn ar ghalainn léi i dtaca le teorainn na hÉireann.** Sin an fáth a bhfuilimid ag iarraidh teacht ar réiteach cruthaitheach a fhágfaidh nach mbeidh aon teorainn chrua i dTuaisceart Éireann. Mar sin féin, ní rachaimid ar chúl scéithe má thugann rialtas na Breataine cúl do na freagrachtaí atá air faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. **Ní hé an tAontas Eorpach ach Brexit is cúis leis an mbaol go mbeidh teorainn níos feiceálaí ann i dTuaisceart Éireann.**

Ar an tríú dul síos, tar éis an 29 Márta 2019, **ní gnáth-thrú tír a bheidh sa Ríocht Aontaithe dúinn choíche.** Beidh an Ríocht Aontaithe i gcónaí ina dlúthchomharsa agus comhpháirtí againn, ó thaobh na polaitíochta, an gheilleagair agus na slándála de.

Le roinnt míonna anuas, nuair a bhí gá againn le haontacht laistigh den Aontas, bhí an Ríocht Aontaithe linn i gcónaí, í tiomanta do na luachanna agus na prionsabail chéanna agus atá ag gach saoránach Eorpach eile. Sin an fáth a gcuirim fáilte roimh mholadh an Phríomh-Aire May comhpháirtíocht nua uailmhianach a fhorbairt don todhchaí, tar éis Brexit. Aontaímid leis an ráiteas a tugadh in Chequers inar dúradh gur limistéar saorthrádála idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach an tús ba cheart a bheith leis an gcomhpháirtíocht sin.

Ar bhonn na dtrí phrionsabal sin, tá lucht caibidlíochta an Choimisiúin ullamh le hoibriú ó dhubh go dubh chun socrú a bhaint amach. Tá dualgas orainn i leith ár saoránach agus ár ngnólachtaí a chinntiú go n-imeoidh an Ríocht Aontaithe as an Aontas ar dhóigh eagraithe agus go mbeidh cobhsaíocht san Aontas tar éis a himeachta. Geallaim daoibh nach é an Coimisiún a chuirfidh bac ar an obair sin.

---

## MÚNLA SOILÉIR DEN TODHCHAÍ

A Chomhaltaí Onóracha Pharlaimint na hEorpa,

Tá cuid mhór oibre le déanamh roimh na toghcháin Eorpacha agus sula dtiocfaidh Ceannairí na hEorpa le chéile in **Sibiu, an Rómáin**, an 9 Bealtaine 2019.

### **In Sibiu ní mór dúinn múnla soiléir den todhchaí a thabhairt do mhuintir na hEorpa.**

Tá rud níos fearr tuillte ag muintir na hEorpa ná éiginnteacht agus cuspóirí mearbhlacla. Tá soiléireacht tuillte acu ó thaobh aidhmeanna de, ní drochiarracht nó lagiarrachtaí.

Sin é an rud atá idir chamáin againn ar an mbóthar go Sibiu - cruinniú mullaigh a bheidh ann sé seachtaine tar éis Brexit agus coicís roimh na toghcháin Eorpacha.

Faoin am sin **ní mór an comhaontú comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a bheith daingnithe againn** – ar chúiseanna eacnamaíocha chomh maith céanna le cúiseanna geopholaitiúla.

Faoin am sin, ba cheart go mbeadh comhaontú socraithe againn i bprionsabal maidir le **buiséad an Aontais Eorpaigh tar éis 2020**.

Más mian linn an deis a thabhairt do mhuintir óg na hEorpa an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gclár Erasmus – rud nach mór dúinn a dhéanamh – beidh orainn cinneadh a dhéanamh faoin ngné seo den bhuiséad, i measc gnéithe eile.

Más mian linn tuilleadh deiseanna a thabhairt dár dtaighdeoirí agus dár ngnólachtaí nuathionscanta, agus bearnaí cistiúcháin a chosc, rud is cúis le poist a chailleadh, caithfidimid cinneadh a dhéanamh roimh na toghcháin.

Más mian linn an caiteachas ar chosaint a mhéadú faoi 20 – gan smál míleata a chur ar an Aontas Eorpach – is gá dúinn cinneadh a dhéanamh in aicearracht.

Más mian linn ár n-infheistíocht san Afraic a mhéadú 23%, is gá dúinn cinneadh a dhéanamh in aicearracht.

**Faoin mbliain seo chugainn, ba cheart dúinn freisin aghaidh a thabhairt ar ról idirnáisiúnta an euro.** Níl an euro ach 20 bliain ar an bhfód agus gan amhras tá an-dul chun cinn déanta ina leith cheana féin – ainneoin lucht a cháinte.

Faoi láthair, tá an euro ar an dara hairgeadra is mó a úsáidtear ar domhan, agus nascann 60 tír a n-airgeadraí leis ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Mar sin féin, **ní mór dúinn tuilleadh a dhéanamh le go mbeidh ár n-airgeadra aonair in ann ról iomlán a imirt ar an stáitse idirnáisiúnta.**

Léirigh roinnt imeachtaí a tharla le gairid go soiléir an gá lenár nAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a neartú agus le margatá caiptil doimhne leachtacha a thógáil. Tá sraith tograí beartaithe ag an gCoimisiún chun é sin a dhéanamh – agus tá a bhformhór siúd ag fanacht lena nglacadh ag an bParlaimint agus ag an gComhairle.

Ach is féidir linn dul i bhfad níos faide, agus ní mór dúinn é sin a dhéanamh. Tá sé áiféiseach go bhfuil an Eoraip ag íoc as 80% dá bille iompórtála fuinnimh – ar fiú 300 billiún euro in aghaidh na bliana é – i ndollair SAM nuair nach bhfuil ach 2% dár n-iompórtálacha fuinnimh ag teacht as na Stáit Aontaithe. Tá sé áiféiseach go gceannaíonn cuideachtaí Eorpacha eitleáin Eorpacha i ndollair seachas in euro.

Sin é an fáth, roimh dheireadh na bliana, a gcuirfidh an Coimisiún tionscnaimh i láthair chun ról idirnáisiúnta an euro a neartú. Ní mór an euro a chur chun tosaigh mar íomhá agus mar ionstraim a bheidh ag Eoraip nua, Eoraip níos ceannasaí. Chuige sin, ní mór dúinn muid féin a chur in ord agus in eagar tríd an Aontas Eacnamaíoch agus

Airgeadaíochta a láidriú, mar atáimid a dhéanamh cheana féin. Ina éagmais sin, ní bheidh caoi againn ar ról idirnáisiúnta an euro a láidriú. Ní mór dúinn an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta seo againn a thabhairt i gcrích chun an Eoraip agus an euro a dhéanamh níos láidre.

Agus, mar fhocal scoir, **sula dtiocfaimid le chéile in Sibiu is mian liom dul chun cinn soiléir a dhéanamh ó thaobh an bheartais eachtraigh de.** Ní mór dúinn **an cumas atá ionainn labhairt d'aon ghuth a fheabhsú chomh fada agus a bhaineann sé lenár mbeartas eachtrach.**

Níl sé ceart gur thit tost ar an Aontas seo againn ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i dtaca le sárúithe ar chearta an duine sa tSín a cháineadh. Agus sin ar an ábhar nach bhféadfadh na Ballstáit ar fad teacht ar chomhaontú.

Níl sé ceart go raibh Ballstát amháin in ann athnuachan an trádhaic arm a chuireamar ar an mBealarúis a chur ar fuascailt, nó gur cuireadh moill ar feadh míonna ar na smachtbhannaí ar Veiniséala toisc nár fhéadamar teacht ar réiteach d'aontoil.

Sin an fáth a bhfuil an Coimisiún ag moladh inniu go n-aistreoimid go dtí vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí sonracha a bhaineann leis an gcaidreamh seachtrach. Deirim arís an méid a dúirt mé anuraidh ar an ábhar seo. Ba cheart dúinn aistriú go dtí vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí sonracha, ní i ngach réimse: saincheisteanna maidir le cearta an duine agus misin shibhialtacha san áireamh. Is féidir sin a dhéanamh bunaithe ar na Conarthaí atá ann faoi láthair, agus creidim go bhfuil an uain ann úsáid a bhaint as an “taisce cheilte” seo i gConradh Liospóin.

Measaim freisin gur cheart dúinn a bheith in ann cinntí áirithe maidir le cúrsaí cánach a dhéanamh trí thromlach cáilithe.

A Uachtaráin,

Ba mhaith liom cúpla focal a rá faoin dóigh a gcuirimid ár n-easaontuithe in iúl dá chéile, rud ar ábhar imní é anois níos mó ná riamh. Tá díospóireachtaí teasaí ag éirí níos coitianta idir rialtais agus institiúidí. **Ní rachaidh focail gharbha nó ghoilliúnacha chun sochair don Eoraip.**

Ní hamháin go bhfuil tuin an dioscúrsa pholaitiúil ag déanamh buartha dúinn. Ach is ábhar imní dúinn freisin an dóigh a bhféachann roinnt daoine leis an díospóireacht a dhúnadh síos go hiomlán trína bheith ag díriú ar na meáin agus ar iriseoirí. Ní mór áit dhosháraithe a fhágáil i gcónaí do shaoirse an phreasa san Eoraip. Tá an iomarca iriseoirí ann a ndéantar imeaglú orthu, a ionsaítear nó a dhúnmharaítear go fiú. **Ní mór dúinn tuilleadh a dhéanamh chun an daonlathas agus gníomhairí an daonlathais – na hiriseoirí – a chosaint.**

Tríd agus tríd, ní mór dúinn tuilleadh a dhéanamh chun an dé a chur ar ais i suáilce ársa an chomhréitigh. Ní hionann comhréiteach agus na nithe sin a gcreidimid iontu a ghéilleadh nó ár luachanna a shéanadh.

Cuirfidh an Coimisiún i gcoinne gach ionsaí ar an **smacht reachta**. Is cúis imní dúinn go fóill a bhfuil ag tarlú i roinnt dár gcuid Ballstát. Ní mór Airteagal 7 a chur i bhfeidhm aon uair atá an smacht reachta faoi bhagairt.

Tá obair as pabhar á déanamh ag an gcéad Leas-Uachtarán Timmermans chun an smacht reachta a chosaint, cé gur obair uaigneach go minic í freisin. Tugaim féin agus an Coimisiún ar fad lántacaíocht dó.

Ach is gá dúinn a bheith an-soiléir maidir le pointe amháin: ní mór breitheanna ón gCúirt Bhreithiúnais a urramú agus a chur chun feidhme. Tá an méid sin ríthábhachtach. Comhphobal dlí is ea an tAontas Eorpach. **An smacht reachta a urramú agus a bheith ag cloí le cinntí ón gCúirt, níl ceachtar den dá rud sin roghnach.**

---

## CONCLÚID

A Uachtaráin,

A Chomhaltaí Onóracha Pharlaimint na hEorpa,

Ag labhairt faoin is ea a chuir mé tús leis an óráid seo, m'aitheasc deireanach ar Staid an Aontais cé gur cinnte nach í an óráid dheireanach í a thabharfaidh mé. Labhair mé faoi na himeachtaí suntasacha a tharla le linn théarma oifige an Choimisiúin seo agus labhair mé faoi stair na hEorpa trí chéile.

**Táimid uile freagrach as Eoraip an lae inniu. Agus ní mór dúinn uile a bheith freagrach as Eoraip an lae amárach.**

Sin mar atá an stair: tagann deireadh le parlaimintí agus le Coimisiúin, ach ní thiocfaidh deireadh leis an Eoraip. Le cinntiú go ndéanfar an rud atá i ndán don Eoraip di, tá neart ceachtanna fós le foghlaim againn.

Táim ag iarraidh go nglacfaidh an Eoraip ról lárnach i ngnóthaí domhanda. Ní leor an Eoraip a bheith ar an taobhlíne nó ina tráchttaire ar imeachtaí idirnáisiúnta. **Ní mór don Eoraip a bheith gníomhach agus an todhchaí atá romhainn a mhúnlú.**

Tá an-éileamh ar an Eoraip ar fud an domhain. Beidh ar an Eoraip labhairt d'aon ghuth ar an leibhéal domhanda chun freastal ar éileamh chomh mór sin. **I gcomhar leis na náisiúin, caithfidh guth na hEorpa a bheith glan soiléir le gur féidir é a chlosteáil agus a thuiscint.** Tá taidhleoireacht an Aontais Eorpaigh níos comhleanúnaí a bhui le Federica Mogherini. Ach ná fillimis ar neamhleanúnachas na dtaidhleoireachtaí náisiúnta atá comhthreomhar ach in iomaíocht le chéile. Ní mór taidhleoireacht na hEorpa a stiúradh mar aon ní amháin. Ní mór dúinn seasamh gualainn ar gualainn le chéile.

**Ba mhian liom go ndéanfaimis breis oibre chun Oirthear agus Iarthar na hEorpa a thabhairt le chéile.** Is mithid dúinn deireadh a chur leis an Eoraip easaontaithe, ós bocht an scéal é sin. Tá níos mó ná sin ag dul don mhór-roinn seo againne agus dóibh siúd a chuir deireadh leis an gCogadh Fuar.

**Ba mhaith liom go dtabharfadh an tAontas Eorpach aird bhreise ar an ngné shóisialta.** Tá an bonn á bhaint ó aontacht na hEorpa acu sin a thugann neamhaird ar na húdair imní dhlisteanacha atá ag oibríthe agus ag gnólachtaí beaga. Is mithid dúinn na dea-rúin a bhí againn i gCruinniú Mullaigh Sóisialta Göteborg a chur ina ndlí.

Ba mhian liom go mbeadh toghcháin na bliana seo chugainn ina gcloch mhíle do dhaonlathas na hEorpa. **Ba mhian liom go ndéanfaí an próiseas *Spitzenkandidaten* – an chéim bheag ar aghaidh sin do dhaonlathas na hEorpa – a athnuachan.** B'inchreidte i bhfad an próiseas sin, dar liom, dá mbeadh liostaí trasnáisiúnta againn. Tá súil agam go mbeidh siad againn faoi na chéad toghcháin Eorpacha eile in 2024 ar a dhéanaí.

Ach thar aon rud eile, ba mhian liom go ndiúltóimis don náisiúnachas aimhleasta agus go gcothóimis an tírghrá tuisceanach. Ná déanaimis dearmad go bhfuil dhá ghné i gceist leis an tírghrá san aonú haois is fiche: gné Eorpach agus gné náisiúnta, agus níl forlámhas ag aon cheann díobh ar a chéile.

Mar a dúirt an fealsamh Francach Blaise Pascal: is maith liom rudáí a oibríonn as láimh a chéile. Chun go seasfaidh na náisiúin agus an tAontas Eorpach an fód, ní mór dóibh gluaiseacht le chéile. **Má tá grá agat don Eoraip, tá grá agat dá náisiúin. Má tá grá agat do do náisiún féin, tá grá agat don Eoraip.** Is mór is fiú an tírghrá. Tá nimh agus cealg fite fuaite sa náisiúnachas ainrianta.

I mbeagán focal, bímis dílis dúinn féin.

**Cuirimis crainn inniu a thabharfaidh scáth do shliocht ár sleachta, cibé acu an de bhunadh an Oirthir nó an Iarthair, an Deiscirt nó an Tuaiscirt iad, le nach mbeidh rud ar bith in easnamh orthu agus go mbeidh siad in ann fás suas agus análu gan stró.**

Nuair a labhair mé libh san áit cheannann chéanna seo roinnt blianta ó shin, d'inis mé daoibh gurb í an Eoraip grá mo chroí. Tá grá agam fós don Eoraip agus beidh go deo.



***Jean-Claude Juncker***

